5 CHÚIS LE DEIREADH A CHUR LE

DLÍ AN DIAMHASLA

AR 26ú DEIREADH FÓMHAIR

1 **Vótáil Tá** – d'fhonn saoirse reiligiúin nó creidimh, agus saoirse cainte, a bhaint amach - agus eaglais agus stáit a scaradh ó chéile. Sáraíonn dlí an diamhasla na prionsabail seo ar fad.

2 **Vótáil Tá** - ar mhaithe le plé oibiachtúil ar chúrsaí reiligiún a bheith ar chumas na meán. Bíonn orthu féin-chinsireacht a dhéanamh, chun iad féin a chosaint ó chás diamhasla agus fíneáil de €25,000.

3 **Vótáil Tá** - d'fhonn tacú le Críostaithe, Moslamaigh Ahmadacha, aindiachaithe, agus mionlaigh eile a ndéantar géarleanúint orthu i stáit Ioslamacha. Luann na stáit leatromacha seo dlí diamhasla na hÉireann d'fhonn dlisteanacht a ndlíthe féin a léiriú.

4 **Vótáil Tá** - d'fhonn a léiriú go hidirnáisiúnta - agus dúinn féin - na hathruithe móra atá tagtha ar Éirinn ó 1937. Is stát iolraíoch nua-aimseartha muid, le meas ar shaoirse creidimh agus ar shaoirse cainte.

5 **Vótáil Tá** - d'fhonn a léiriú go bhfuil muid ar aon dul leis na forais éagsúla a d'éiligh go gcuirfí deireadh leis an dlí seo – ina measc, an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí (1991), an Grúpa um Athbhreithniú Bunreachta (1996), Coiste Uile-Pháirtí ar an mBunreacht (2008), an Coinbhinsiún ar an mBunreacht (2013), Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Coimisiún na Veinéise (de chuid Chomhairle na hEorpa).

Tuilleadh eolais ar fáil ag

blasphemy.ie **atheist.ie**